



Job Description Sonraí Poist



Coláiste Aonad Bainistíochta	Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD
Scoil Aonad	UCD Ar Fud na Cruinne
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair	Cúntóir Líonraí agus Tionscadail Dhomhanda
Tréimhse an Phoist	Post sealadach 5 bliana
Grád	Cúntóir Feidhmiúcháin
Scála Tuarastail	€32,856 - €49,419 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár (APOM) - Leibhéal Gairme 1
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2021-07-035
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Líonraí agus Tionscadail Dhomhanda
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019783
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Stiúrann agus treoraíonn UCD Ar Fud na Cruinne straitéisí dhomhanda na hollscoile ag soláthar saincheannaireachta i gcomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht, i mac léinn idirnáisiúnta a earcú agus a thacú, i dteacht agus imeacht foirne agus mac léinn agus sna gnéithe idirnáisiúnta d'eispéireas na mac léinn. Trí chaidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara seachtracha, feidhmíonn UCD Ar Fud na Cruinne sa spás ina n-idirghníomhaíonn an ollscoil agus an pobal idirnáisiúnta le chéile. Tacaíonn sí le ceannairí na hollscoile chun beartas a mhúnlú, oibríonn sí le Coláistí/Scoileanna agus le haonaid tacaíochta eile chun seachadadh a chinntiú, agus téann sí i mbun plé le mic léinn agus le baill foirne chun rath agus tionchar a thomhas. Is i mBaile Átha Cliath atá ceanncheathrú UCD Ar Fud na Cruinne agus chomh maith leis sin stiúrann agus bainistíonn sí líonra Ionad Domhanda na hollscoile, a fheidhmíonn mar mhoil do ghníomhaíocht UCD i Meiriceá Thuaidh, sa tSín, san Áis Theas, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus sa Mheánoirthear.

Agus iad ag tuairisciú do Bhainisteoir Líonraí agus Tionscadail Dhomhanda, cuirfidh an Cúntóir Líonraí agus Tionscadail Dhomhanda tacaíocht riaracháin ar fáil chun rannpháirtíocht UCD le líonraí agus cuibhreannais idirnáisiúnta a chur ar fáil, agus chun deiseanna maoinithe Erasmus+ a chomhordú. Soláthróidh an post seo deis spreagúil do dhuine a bhfuil dearcadh idirnáisiúnta acu agus atá tiomanta do sheirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a chur ar fáil.